Rialtas na hÉireann
Government of Itreland

Fógra a Thabhairt faoi Bhreith
gan Idirghabháil Leighis

An tSeirbhís um Chlárú Sibhealta
Civil Registration Service

A. Cad chuige a n-úsáidtear an Fhoirm seo? HBNF1.0

Cuirfidh an fhoirm seo ar chumas tuismitheoirí linbh a rugadh gan dochtúir ná cnáimhseach a bheith i láthair, fógra a thabhairt, faoi alt 30(3) den Acht um Chlárú Sibhialta 2004, don Phríomh-Chláraitheoir sa limistéar clárúcháin ina bhfuil cónaí orthu, go bhfuil an bhreith tar éis tarlú.

Ba cheart don fhaisnéiseoir an oiread agus is eol dó nó di de na sonraí riachtanacha maidir leis an mbreith a sholáthar, mar aon le fianaise ar an mbreith.

B. Cad is gá dom a thabhairt liom chuig an Oifig Chlárúcháin?

1. Ní mór do na tuismitheoirí aitheantas bailí fótagrafach a chur isteach, i.e. pas reatha, ceadúnas tiomána nó cárta aitheantais náisiúnta (tabhair faoi deara nach mór dóibh a bheith bailí chun go nglacfar leo).

2. Tá cruthúnas ar an seoladh ainmnithe riachtanach.

3. An fhoirm fhógra chomhlánaithe (féach thíos maidir leis an bhfoirm seo a chomhlánú).

4. Fianaise ar an mbreith agus ar an toircheas, i cibé leagan atá ag na tuismitheoirí chun a léiriú gur tharla an bhreith.

   - Ní mór don Phríomh-Chláraitheoir a bheith sásta leis an bhfianaise a chuirtear isteach chun léiriú gur tharla an bhreith de réir na sonraí atá á gcur ar fáil dó nó di. Mura bhfuil sé nó sí sásta leis an bhfianaise a chuirtear ar fáil, ní ghlacfar leis an bhfógra agus ní féidir an bhreith a chlárú.

5. Má tharla an bhreith in áit eile seachas gnátháit chónaithe na máthar, agus mura raibh dochtúir ná cnáimhseach i láthair, tá ráiteas ón duine ar leis nó léi an foirgneamh, nó atá ar cíos aige nó aici, inár tharla an bhreith riachtanach lena ndeimhnítear go raibh an mháthair san fhoirgneamh ar an dáta ar tharla an bhreith.

   Ba cheart an méid seo a leanas a bheith sa ráiteas ar leith seo:

   (a) Seoladh iomlán an fhoirgnimh inar tharla an bhreith, le cruthúnas ar an seoladh agus ar úinéireacht.

   (b) Dáta an ráitis.

   (c) Ainm na máthar agus na dátaí a raibh cónaí uirthi san fhoirgneamh.

   (d) Síniú úinéir an fhoirgnimh agus cruthúnas ar aitheantas.

C. An Fhoirm Fhógra a Chomhlánú

Ní mór Codanna 1, 2 agus 5 den Fhoirm Fhógra a chomhlánú.

Tá **Codanna 3 agus 4 curtha san áireamh againn chun cabhrú le fianaise a bhailiú** chun léiriú gur tharla an bhreith.

- Má fhreastalaíonn an mháthair nó an leanbh ar ospidéal máithreachais áitiúil nó ar dhochtúir teaghlaigh tar éis na breithe, ba cheart di, **más féidir,** iarraidh ar phearsanra liachta sonraí na breithe a chomhlánú **i gCuid 3.**
- **I gcásanna iomchuí,** féadfar ráiteas agus sonraí a sholáthar freisin maidir leis an duine a bhí i láthair ag an mbreith nó a chabhraigh léi mar chuid den fhógra seo, agus is féidir iad a líonadh isteach **i gCuid 4.**

Is féidir sonraí maidir le d'Oifig um Chlárú Sibhialta áitiúil a fháil ag www.civilregistrationservice.ie

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Foirm Iarratais chun

Fógra a Thabhairt faoi Bhreith gan Idirghabháil Leighis

An tSeirbhís um Chlárú Sibhealta
Civil Registration Service

HBNF1.0

Ní mór do thuismitheoirí an linbh an fhoirm seo a chomhlánú nó, má tá duine de na tuismitheoirí marbh, ní mór do thuismitheoir marthanach an linbh í a chomhlánú. Má tá an bheirt tuismitheoirí marbh nó mura bhfuil siad in ann í a chomhlánú de bharr drochshláinte, féadfaidh duine a bhí i láthair ag an mbreith í a chomhlánú.

Cuid 1 — Sonraí an linbh

1. Ceadainm(neacha) an linbh:
2. Sloinne an linbh:
   (tabhair faoi deara go bhfuil uasteorainn de 30 carachtar i gceist le sloinnte ar chlárúcháin bhreithe)
3. Áit bhreithe:

Contae Éirchód

4. Dáta breithe: L L M M B B B B
5. Gnéas: ☐ Baineann ☐ Fireann

Cuid 2 — Sonraí na Máthar

6. Ceadainm(neacha) na máthar:
7. Sloinne na máthar:
   (tabhair faoi deara go bhfuil uasteorainn de 30 carachtar i gceist le sloinnte ar chlárúcháin bhreithe)
8. Sloinne breithe na máthar:
9. Dáta breithe: L L M M B B B B
10. Seoladh ag am na breithe::

Contae Éirchód

11. Uimhir PSP:
12. Stádas Sibhialta:
    ☐ Singil (níor phós riamh) ☐ Pósta ☐ Colscartha
    ☐ Scartha go dlíthiúil ☐ Baintreach/Baintreach Fir

Riarann an tSeirbhís um Chlárú Sibhialta córas clárúcháin sibhialta na hÉireann. Ceanglaítear ar dhuine leis an dlí sonraí pearsanta a sholáthar chun eachtra saoil a chlárú (breith, marbh-bhreith, bás nó pósadh) agus féadfaidh sonraí pearsanta a roinnt le comhlachtaí poiblí agus údaráis poiblí eile nuair a fhoráiltear leis an dlí é. Ceanglaítear ar dhuine sonraí pearsanta a sholáthar nuair a dhéantar iarratas le haghaidh teastas maidir le heachtraí ríthábhachtacha agus le haghaidh cuardaithe ar innéacsanna na gclár sibhialta. Tá beartas sonraí na Seirbhíse um Chlárú Sibhialta ar fáil ag www.gov.ie/deasp/privacystatement nó i gcóip chrua ach í a iarraidh.

Cuid 3 Tuairisc Leighis

Nuair is infheidhme, ní mór do dhochtúir nó do chnáimhseach a thug aire don mháthair roimh an mbreith agus/nó don mháthair agus don leanbh tar éis na breithe Cuid 3 a chomhlánú leis an oiread eolais agus is féidir.

Ceadainm(neacha) na máthar:

Sloinne na máthar:

Dáta breithe na máthar: L L M M B B B B

An bhfuair an mháthair cúram ó dhochtúir nó in ospidéal le 10 mí anuas? Fuair Ní bhfuair

Dáta is déanaí ar thug dochtúir / cnáimhseach aire don mháthair: L L M M B B B B

An raibh sí ag iompar clainne ar an dáta sin? Bhí Ní raibh Má bhí, cé mhéad seachtain:

Dáta an scrúdaithe reatha: L L M M B B B B

An raibh leanbh aici le déanaí? Bhí Ní raibh

Má bhí, tabhair neasdáta na breithe: L L M M B B B B

Dáta a tháinig an mháthair faoi do chúram: L L M M B B B B

Scrúdú an Linbh

Dáta Scrúdaithe an Linbh: L L M M B B B B

Gnéas an Linbh: Baineann Fireann

Neasaois an Linbh: mí seachtain lá

Meáchan an Linbh: cileagraim graim

Sonraí an Ghairmí Leighis

Síniú an dochtúra / na cnáimhsí: _____ Dáta _____

Ainm Iomlán i gceannlitreacha:

Cáilíocht:

Seoladh an Ospidéil / Oifig an Dochtúra Teaghlaigh:

Uimhir Ghutháin:

Seoladh Ríomhphoist:

Stampa Oifigiúil:

(Tabhair faoi deara go bhféadfaí teagmháil a dhéanamh leat chun na sonraí a soláthraíodh sa tuarascáil seo a fhíorú)

Cuid 4 Ráiteas an Fhinné

Nuair is infheidhme, ní mór do Chuid 4 a bheith comhlánaithe ag an bhfinné nó ag an duine a bhí i láthair ag an mbreith nó a thug cúnamh leis an mbreith.

Sonraí Teagmhála an Fhinné

Réamhainm(neacha):

Sloinne:

Do dháta breithe:

L L M M B B B B

Do sheoladh:

Contae Éirchód

Uimhir PSP:

Uimhir Ghutháin:

Seoladh ríomhphoist:

Mar fhinné ar bhreith an linbh seo, a rugadh sa bhaile gan aon idirghabháil leighis, dearbhaigh an fhaisnéis seo a leanas:

Ceadainm(neacha) na máthar:

Sloinne na máthar:

Ar rugadh an leanbh beo?: Rugadh Níor rugadh

Áit na Breithe:

L L M M B B B B

Áit na Breithe:

(Tabhair faoi deara go bhféadfaí teagmháil a dhéanamh leat chun na sonraí a soláthraíodh sa tuarascáil seo a fhíorú)

Contae Éirchód

An Gaol atá agat leis an máthair:

Dearbhaím go raibh mé i láthair ag breith linbh don mháthair atá ainmnithe thuas, nó gur thug mé cúnamh leis an mbreith, ar an dáta agus san áit bhreithe atá taifeadta thuas, agus tuigim gur cion é faisnéis bhréagach nó mhíthreorach a thabhairt do chláraitheoir, lena n-áirítear faisnéis ar an bhfoirm seo.

Síniú an Fhinné: _____ Dáta:: _____

Féadfar an fhaisnéis a chuirtear ar fáil ar an bhfoirm iarratais seo a stóráil i mbunachar sonraí agus a roinnt le hoifigí eile laistigh den tSeirbhís um Chlárú Sibhialta.

Dearbhú na dTuismitheoirí

Ní mór do thuismitheoirí an linbh a bhfuil a b(h)reith á fógairt na dearbhuithe thíos a chomhlánú.

Cuid 5 Dearbhú na Máthar

Dearbhaím gurb mise máthair _____ a rugadh dom ar

_____ ag an seoladh seo a leanas_____

_____

Dearbhaím gurb é _____ athair _____

Dearbhaím nár cláraíodh breith mo linbh roimhe seo in aon dlínse / tír / limistéar eile.

Tá an fhianaise seo a leanas ar an mbreith curtha isteach agam le m'iarratas, mar atá liostaithe thíos:
(tabhair aon fhianaise ábhartha atá agat ar an mbreith nó ar do thoircheas, e.g. cuairteanna réamhbhreithe, coinní, etc.)

_____

_____

Dearbhaím go bhfuil na sonraí a chuir mé ar fáil thuas agus na sonraí a bhaineann le breith mo linbh ceart agus cruinn, agus déanaim an dearbhú sollúnta seo go coinsiasach, agus mé den tuairim go bhfuil siad fíor. Tuigim gur cion é faisnéis bhréagach nó mhíthreorach a thabhairt do chláraitheoir, lena n-áirítear faisnéis ar an bhfoirm seo.

Síniú na Máthar: _____ Dáta: _____

Uimhir Ghutháin:

Seoladh Ríomhphoist:

Cuid 5 (ar leanúint) Dearbhú an Athar (roghnach)

Dearbhaím gurb mise athair _____a rugadh ar

_____ ag an seoladh seo a leanas _____

_____

Dearbhaím gurb í _____ máthair _____

Dearbhaím nár cláraíodh breith mo linbh roimhe seo in aon dlínse / tír / limistéar eile.

Dearbhaím go bhfuil na sonraí a chuir mé ar fáil thuas agus na sonraí a bhaineann le breith mo linbh ceart agus cruinn, agus déanaim an dearbhú sollúnta seo go coinsiasach, agus mé den tuairim go bhfuil siad fíor. Tuigim gur cion é faisnéis bhréagach nó mhíthreorach a thabhairt do chláraitheoir, lena n-áirítear faisnéis ar an bhfoirm seo.

Síniú an Athar: _____ Dáta: _____

Uimhir Ghutháin:

Seoladh Ríomhphoist: